

Eagarfhocal

'Caomhnú' an focal is mó atá le cloisteáil na laethanta seo. Caomhnú teanga, cultúr, dúlra, ceantair, cósta, éisc, talamh, cnoic, farraige agus portaigh, agus tá siad seo ar fad tábhachtach agus fite fuaite lena chéile.

An chearc fhraoigh an rud is déanaigh atá curtha leis an liosta agus caithfear tús áite a thabhairt di anois is cuma céard a tharlóidh do dhuine ná do bheithíoch. Seift eile leis an táime deirneach a chur i gconradh saol na tuaithe agus leis an tslí mharachtála a chleacht na daoine leis na céadta bliain, muintir na tuaithe an dream a chaomhnaigh na nithe tábhachtacha seo mar gan caomhnú ní bheadh slí mharachtála acu agus is fadó an lá a bheadh an áit bánaithe. Ní mórán cúnamh, cabhair ná aitheantas atá fáighte ag na ceantair a chaomhnaigh an Teanga go dtí seo, cuid de na ceantair anois a bheas buailte ag na rialacha is deireanaí seo. Más banú agus deireadh le slí mharachtála thraidisiúnta mhuintir na tuaithe an toradh a bheas ar an gcaomhnú seo, cé dó a bhfuiltear á chaomhnú?

Má chaitheann feirmeoirí caorach na caoire a ghlanadh de na cnoic ar feadh chúig mhí den bhliain caithfidh siad iad a dhíol agus cosúil leis na hiascairí beaga sin é an deireadh. Tá chuile sheans nach bhfaca ná nar chuala an dream atá ag leagann síos na rialacha seo cearc fhraoigh riamh.

Bhí mé ag cur tuairisce le roinnt daoine aosta as ceantair éagsúla faoi seo, agus bhí siad ag rá nach i chuile cheantar sléibhe a bhíodh an chearc fhraoigh. Níor chuala mé féin cearc fhraoigh riamh san áit a tógadh mé cé nach mórán caoire a bhí ann. An baile ina bhfuil mé i mo chonaí anois ó 1971 agus ar chuala mé an chearc fhraoigh den chéad uair riamh, tá sí le cloisteáil san áit céanna gach bliain, níl méadú ná laghdú tagtha ar an méid uaireanta a gcloiseann tú í ná ar an méid acu atá ann ach oiread. Áit é seo a mbíodh go leor caoire riamh ach is fíor bheagán daoine atá anois ag coinneáil

caoire ná beithigh, go mór mór ó tháinig borradh faoi thionscail na tógála. Leis an maolú atá tagtha ar an tionscail sin anois, is iomaí duine a bheadh arís ag coinneáil cúpla caora agus beithíoch mar chaitheamh aimsire muna mbeadh tada eile ann.

Cé air a bhfuil an mhilleán le cur faoi an scrios ar fad atá déanta?

Sna 70aidí ní raibh aon bhealach chun cinn don tír seo ach coillte. Thuig muintir na tuaithe go mbeadh tionchar aige seo ar an iasc agus ar na haibhneacha, go mór mór an leasú a bhí á chur amach agus ag sileadh isteach san uisce, bhí go leor de na coillte seo plandáilte ar bhruach aibhneacha, ach céard a bheadh fhios ag muintir na h-áite. Le dul leis seo tugadh faoi fheirmeoireacht éisc, airgead scioptha agus deontais mhóra le dul leis. Thug sé fostaíocht ar feadh tamaill do mhuintir na h-áite, ach idir na coillte agus na feirmeacha éisc cuireadh deireadh leis an mbreac nádúrtha agus leis an turasóireacht chomh maith leis an teacht isteach a bhain mhuintir na h-áite as, más ar scála beag féin é. Cé atá ag breathnú amach don iascaire beag atá fágtha gan slí mharachtála? Ach is cuma faoi is cosúil. Ba de réir na caorach agus an bheithíoch a bhí na deontas stoic ón Eoraip. Líonadh na cnoic le caoirigh, bhí sé soiléir don dall nach raibh na cnoic in ann é seo a sheasamh, ach dúirt na saineolaithe gurbh é sin an bealach chun cinn.

Bhí deontais le fáil agus caitheamh na mílte tonna leasú as an aer ar cnoic le na ndéanamh glás. Meastú an raibh aon tionchar aige seo ar an gcearc fraoigh? Nó ag na línte leictreachais agus ag na crainn cumarsáide gan caint ar an damáiste a dhéanann an loscadh sléibhe atá ag éirí níos measa gach bliain. Ní bhíonn aon chaint ar chaomhnú nuair is forbairt agus rachmus atá i gceist. Is beag tinneas atá sé a dhéanamh do John Gormley an scrios atá á dhéanamh den

láthair thábhachtach seandálaíochta i lár tíre, ná an tionchar a bhíos ag an bhforbairt atá ar siúl ag Shell i Muigh Eo ar an timpeallacht agus ar mhuintir na háite. Má bhíonn tú ag dul bealach an Tí Dhóite go luath ar maidin, ní i tréad caorach a chasfar ort níos mó, sé an Fia Rua is túisce a fheicfidh tú. Cé as a dtáinig siad? Bhfuil siad seo ná an dream a bhíonn á bhfiach ag déanamh aon dochair den chearc fhraoigh? Ní facthas an minc san áit seo go dtí le cúpla bliain, níl cearc na lacha fágtha acu ag an gcúpla duine a bhí dhá gcoinneáil gan fhíos cé na héin eile agus ainmhithe fiáine atá siad a mharú. Cén chaoi a mairfidh muintir Chonamara gan móin, móin an t-ábhar tine a bhí i gConamara riamh, cosúil leis na caoire agus an cúpla beithíoch. Bhí siad ag brath go mór uirthi. Ní inniu ná inné a tuigeadh go gcaithfidh caomhnú a dhéanamh ar an bportach, rud a déantaí, bhíodh an scrath le gearradh agus le socrú ceart ar ais sa lagphortach le fás arís de réir a chéile. Tá scrios aisteach déanta ag an meaisín móna an "sausage machine" mar a tugtar uirthi. Cá raibh na saineolaithe nuair a tugadh deontais le na n-aghaidh seo le criathraigh a mhilleadh. Is cosúil anois nach mbeidh cead móin a bhaint ón mbliain seo amach, cé nach bhfuil an dream atá á rá in ann soiléireacht ceart a thabhairt ar seo. An gcuirfear deireadh le Bord na Móna? Leis an gcostas mór atá ar ola bhí daoine ag fillleadh arís ar bhaint móna. Ach oiread leis an gcaitheamh ar na cnoic, ní raibh an oiread céanna móna á baint le blianta fada is a bhíodh. Is dóigh liom nach bhfuil aon duine i gcoinne caomhnú ach é a bheith féaráilte.

Caithfidh teas a bheith againn cuid mhaith den bhliain, is cuma céard a dhóinn muid beidh an tionchar céanna aige ar an timpeallacht, an difríocht a dhéanfaidh sé go mbeidh cáin á íoc againn ar aon ábhar a cheannóidh muid. Cearca Fraoigh - tá muid imithe sna cearca fraoigh má ligeann muid le cultúr agus le slí mhaireachtála nádúrtha na tuaithe.



Guíonn

Oireachtas na Gaeilge

gach rath ar

Phéile Phléaráca Chonamara

GACH EOLAS
OIFIG AN OIREACHTAIS, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire
Fón: + 353 1 475 38 57 Facs: + 353 1 475 87 67
Riomphost: eolas@antoireachtas.ie Idirlíon: www.antoireachtas.ie

FAIGHEANN
Oireachtas na Gaeilge
deontas ó  Foras na Gaeilge